Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6086/1/22**
**REV 1**

**SOC 70**
**EMPL 44**
**SAN 74**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5263/16 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair |

1. Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in éag an 28 Feabhra 2022.

2. De bhun Airteagail 3 agus 4 de Chinneadh 2003/C 218/01 ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha ar feadh tréimhse trí bliana.

3. Tá liosta ainmniúchán na gcomhaltaí iomlána agus na gcomhaltaí malartacha den Choiste Chomhairleach athnuaite faighte ag Rúnaíocht na Comhairle, mar a leagtar amach sa dréacht-Chinneadh ón gComhairle in **5379/1/22 REV 1**[1].

[1] Bailchríoch curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a ghlacadh mar mhír ‘A’, agus

(b) a chinneadh go bhfoilseofar an Cinneadh mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.